Coiste Eorpach
na Réigiún



Tuarascáil Bhliantúil an Aontais Eorpaigh maidir
le Staid na Réigiún agus na gCathracha

# Bileog eolais 2023




#SOTEULocal

# Caibidil 1

## Na réigiúin agus na cathracha i mbun géarchéimeanna a bhainistiú


### Tá tábhacht thar na bearta le réigiúin is cathracha an Aontais Eorpaigh agus fáilte á cur roimh mhuintir easáitithe na hÚcráine agus iad á lánpháirtiú, mar is ceart.

Líon na nÚcránach atá cláraithe go gníomhach le haghaidh cosaint shealadach




Mórphlódú na ndaoine easáitithe a tharla de dhroim ionsaí na Rúise scun scan ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, ní fhacthas a leithéid riamh cheana san Aontas Eorpach. Is mná agus leanaí d'fhormhór na hÚcránaigh easáitithe seo. A bhuí leis an úsáid atá bainte den chéad uair riamh ag an Aontas as an Treoir Shealadach maidir le Cosaint, ráthaíodh dóibh go mbeadh sé de cheart acu cónaí san Aontas, rochtain a fháil ar thithíocht, ar chúram sláinte agus ar oideachas maille le hobair a thóraíocht ann. Shocraigh na hÚcránaigh easáitithe fúthu fud fad an Aontais (tá sé ráite ag a leath de réigiúin agus de chathracha an Aontais go bhfuil dídeanaithe ón Úcráin á n óstáil acu) ach is ar na lárionaid uirbeacha mhóra ba mhó a bhí a dtriall. Tá corradh le 3.5 milliún dídeanaí ón Úcráin ag cur fúthu sa Ghearmáin, sa tSeicia agus sa Pholainn; i gcás tíortha áirithe (go háirithe an Eastóin) tá líon an mhór dídeanaithe tagtha chucu i gcomórtas le daonra na dtíortha sin. Is iad na 10 réigiún de chuid an Aontais a bhfuil an líon is mó dídeanaithe á n óstáil acu ná an Pholainn (5), an Ghearmáin (4) agus an tSeicia (réigiún Phrág). Is é Réigiún na Réine Thuaidh Viostfáile (DE) san Aontas, áit a bhfuil breis is 220 000 Úcránach, an réigiún is mó dá chuid a bhfuil dídeanaithe ón Úcráin á n óstáil ann. Sna sála aige sin, tá Cúige Mazowieckie (PL), áit a bhfuil corradh beag le 200 000 díobh lonnaithe. Tá tacaíocht shaincheaptha curtha ar fáil i réigiúin agus i gcathracha an Aontais ó thaobh oideachais agus seirbhísí lánpháirtíochta eile de, go háirithe do mhná. Feictear d'fhormhór na réigiún agus na gcathracha (60 %) go mbaineann buntáistí soiléire, ó thaobh na déimeagrafaíochta, dearcthaí agus an gheilleagair de, i measc nithe eile, le dídeanaithe a ghlacadh chucu go fáilteach. An dlúthpháirtíocht a léiríodh le muintir easáitithe na hÚcráine, is amhlaidh a chothaigh agus a chuir sí leis an dearcadh dearfach sin.

Cad iad na buntáistí, dar leat, a bhaineann le dídeanaithe a bheith ag teacht agus ag cur fúthu i gcathracha beaga agus meánmhéide? Roghnaigh gach mír lena mbaineann..




Foinse: suirbhé a rinne CnaR i gcomhpháirtíocht le ECFE agus Eurochambres. Cuireadh torthaí an tsuirbhé i láthair ag cruinniú Choimisiún CIVEX an 18.4.2023 agus ag ceardlann Sheachtain AE na Réigiún.

**Scéal ratha** | Sos ón gcogadh – laethanta saoire an tsamhraidh do leanaí ón Úcráin.

**Laethanta saoire an tsamhraidh do leanaí ón Úcráin:** is iomaí leanbh ón Úcráin a fuair caoi ar fhreastal ar chlár óige an samhradh seo i gcuid de chathracha agus réigiúin an Aontais, cuir i gcás Nîmes na Fraince, Aithin na Gréige, Róimh na hIodáile, Tampere na Fionlainne, Gdańsk na Polainne, Portimão na Portaingéile, Preiļi na Laitvia, Wielkopolska na Polainne, Lubelskie na Polainne, Maramureș na Rómáine, Podkarpackie na Polainne, Pomorskie na Polainne, Baváir na Gearmáine, Lodzkie na Polainne chomh maith le Miskolc agus Sátoraljaújhely na hUngáire.

## An Úcráin: ó tá na pleananna agus prionsabail leagtha amach, is mithid tús a chur leis an atógáil. Tá 83 % de na húdaráis áitiúla réidh lena gcion féin a dhéanamh ar son na hatógála sin. Is cuidiú í gníomhaíocht an Choiste leis an mbearna sa chomhar fo náisiúnta a dhúnadh.

Creideann ceithre cinn as gach cúig chathair agus réigiún san Aontas (83 %) gur féidir leo rannchuidiú ar bhealach éigin le hatógáil na hÚcráine, bíodh sin trí mheán an phlean Eorpaigh leathain atá ceaptha cuidiú le téarnamh na hÚcráine, trí chúnamh ábhartha agus airgeadais a chur ar fáil, trí chláir nasctha a chur ar bun nó trí dhea chleachtais a mhalartú. Is iomaí cathair agus réigiún díobh sin atá i mbun gnímh cheana féin: tá méadú tagtha ar líon na gcomhpháirtíochtaí déthaobhacha idir réigiúin agus cathracha an Aontais agus na hÚcráine. Mar sin féin, tá níos mó ná a leath de chathracha beaga na hÚcráine fós gan comhpháirtithe foirmiúla AE acu. Comhghuaillíocht na gCathracha agus na Réigiún ar mhaithe le hAtógáil na hÚcráine a bhunaigh CnaR i gcomhar le páirtithe go leor i mí an Mheithimh 2022, is amhlaidh is cuidiú í leis an mbearna sa chomhar fo náisiúnta a dhúnadh. Fágann an dá ní is mó atá de dhíth ar an Úcráin – atógáil na tíre agus í a ullmhú do bhallraíocht an Aontais – gur mó an t éileamh a bheidh ann feasta ar shaineolas ábhartha, airgeadais, teicniúil agus polaitiúil. Is léir ó Chúnant Méaraí an Oirthir, tionscadal atá maoinithe ag an Aontas Eorpach agus atá ceaptha cur leis an aistriú glas i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, cad é mar phoitéinseal atá ann chun gníomhaíochtaí a dhéanamh ar an leibhéal fo náisiúnta: tá 198 mbardas san Úcráin tar éis a n ainm a chur leis an gCúnant, agus tá 158 díobh i mbun pleananna gníomhaíochta áitiúla a cheapadh.




Dar leat, conas is féidir le do réigiún nó do chathair féin cuidiú le hatógáil na hÚcráine? [Is ceadmhach breis is freagra amháin a thabhairt] (% a luadh, AE 27)


Foinse: Baraiméadar réigiúnach agus áitiúil 2023

**Scéal ratha |** Comhghuaillíocht Eorpach na gCathracha agus na Réigiún ar mhaithe le hAtógáil na hÚcráine: tionscnamh de chuid CnaR chun cabhair a chomhordú agus chun tacú le réigiúin agus cathracha na hÚcráine.

Ardán is ea Comhghuaillíocht Eorpach na gCathracha agus na Réigiún ar mhaithe le hAtógáil na hÚcráine chun ar tugadh de chúnamh di a chomhordú agus chun tacaíocht láidir pholaitiúil agus shiombalach ó réigiúin agus ó chathracha an Aontais a chur ar fáil dá macasamhlacha san Úcráin..

## Ní hionann an díobháil a dhéanann tubaistí aeráide ó réigiún go chéile san Eoraip, agus is in olcas atá an scéal sin ag dul le himeacht ama. Más ea, is dona le formhór mór na gceannairí áitiúla a laghad sásraí cistiúcháin tiomnaithe atá ann chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcaoi ar gá oiriúnú di.

Is iomaí réigiún san Eoraip a ndearnadh slad air an samhradh seo gafa tharainn de dheasca scaláin teasa, triomach, maidhmeanna tuile agus tinte gréagacha. Tá ag méadú ar an díobháil atá na feiniméin sin a dhéanamh ar phobail agus ar gheilleagair áitiúla. Meastar nach foláir EUR 40 billiún d'infheistíochtaí in aghaidh na bliana a chur ar fáil ionas gur féidir oiriúnú don athrú aeráide, go háirithe don ardú teochta domhanda 1.5°C. Ós amhlaidh is minice ná riamh tubaistí aeráide chucu, tá táirgiúlacht agus inmharthanacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha áitiúla agus réigiúnacha á gcur i mbaol. Tá ról ríthábhachtach ag na réigiúin agus na cathracha maidir le bearta a chur in oiriúint don athrú aeráide ach tá fíorbhearna sa mhaoiniú a chuirtear ar fáil ina chomhair sin. Dar le 75 % de na polaiteoirí réigiúnacha agus áitiúla san Aontas nach bhfuil dóthain sásraí cistiúcháin tiomnaithe ar fáil dóibh chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcaoi ar gá oiriúnú di. Na réigiúin sin a mbíonn a gcónaitheoirí i dtaobh le hearnálacha na talmhaíochta nó na tógála le haghaidh fostaíochta, is iad is mó go mór fada atá thíos leis, go háirithe de dheasca scaláin teasa is sia agus is teo ná riamh. Cuir i gcás, na scaláin teasa a chuimil le réigiúin na Spáinne i samhradh 2023, b'ionann agus 1 % de OTI na tíre an costas a lean iad, go háirithe toisc na díobhála a rinne na tamaill fhada triomaigh do lucht na talmhaíochta. Is amhlaidh atá an méadú ar an teocht dhomhanda ag cur isteach go mór ar thionscal na turasóireachta áitiúla freisin.




An damáiste bliantúil a mheastar a dhéanfar do bhonneagar fíorthábhachtach i réigiúin na hEorpa, mar gheall ar an athrú aeráide, faoi dheireadh an chéid (EUR milliúin)


Foinse: An Coimisiún Eorpach

### **Scéal ratha** | Atógáil athléimneach agus tacaíocht shóisialta sa Vallúin.

D'fhonn an damáiste a rinneadh de dheasca na dtuilte tubaisteacha in 2021 a fhreagairt, tá Máistirphlean do La Vallée de la Vesdre agus cláir inbhuanaithe chomharsanachta á dtabhairt chun cinn ag rialtas réigiúnach na Vallúine atá dírithe ar an limistéar a atógáil ar bhealach freagrach inbhuanaithe. Déanfar EUR 40 milliún a infheistiú sa tithíocht phoiblí nua le haghaidh na mbardas is mó a treascraíodh. Ina theannta sin, gheall rialtas na Vallúine EUR 1.03 billiún chun clúdach iomlán a thabhairt do na saoránaigh sin atá caillteach leis na tuilte.

## Tá géarchéim an bhia ag dul in olcas mar gheall ar thriomaigh, tuilte agus ionradh na Rúise ar an Úcráin.

Tugadh chun solais anuraidh a thábhachtaí atá athléimneacht an chórais bia nuair a d'fhear an Rúis cogadh in éadan na hÚcráine. Sa lá atá inniu ann, ní hacmhainn do bhreis is 32.5 milliún Eorpach íoc as béile ceart gach re lá. Is amhlaidh sin do 0.4 % de phobal na Cipire, ar thaobh amháin den scála, agus do 22.4 % de phobal na Bulgáire, ar an taobh eile de, cuir i gcás. I 50 % de réigiúin na Polainne, ní hacmhainn do 4.7 % den phobal ar a laghad feoil, sicín ná iasc a cheannach gach re lá. Ar a mhuin sin, tá ithreacha tíortha, tuairteanna báistí agus triomaigh ag déanamh díobháil do chuid mhór cineálacha barr agus dealraíonn sé go mbeidh go leor earraí bia ag daoirsiú dá ndeasca sin ina lán tíortha de chuid an Aontais. Mar shampla, tá sé curtha in iúl ag an Spáinn (-16 %) agus ag an Iodáil (-20 %) nár tháinig tuar fhómhar na n oráistí i mbliana faoina thairngreacht ná baol air. Mar sin féin, tá cathracha agus réigiúin an Aontais á bprapáil féin chun dul i ngleic leis na suaití atá tagtha chucu mar gheall ar ghéarchéim an bhia agus chun tionchar na géarchéime sin a laghdú oiread is féidir, ag tarraingt dóibh ar réitigh nuálacha i dtreo gur móide an teacht aniar a bheidh iontu an chéad uair eile.





Gan ar chumas an phobail feoil, sicín ná iasc a cheannach dá mbéile gach re lá

………………………..

An Pholainn de réir leibhéal NUTS2

Foinse: tiomsú arna dhéanamh ag CnaR bunaithe ar Glowny Urzad Statystyczny




Táscaire triomach. Foinse: tiomsú arna dhéanamh ag CnaR bunaithe ar shonraí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, Tuarascáil maidir leis an triomach san Eoraip, Meitheamh 2023

………………………..

### **Scéal ratha |** Á n ullmhú féin do thriomaigh – plean bainistithe uisce na Catalóine 2022 2027.

Á chur san áireamh dó an tionchar tubaisteach a bhí ag na triomaigh ar an talmhaíocht réigiúnach anuraidh, d'fhormheas rialtas na Catalóine (sa Spáinn) Plean Bainistithe Uisce 2022 2027 i mí na Bealtaine 2023. Tá sé leagtha amach acu infheistíochtaí dar luach EUR 2.4 billiún a dhéanamh chun an réigiún a ullmhú le haghaidh triomach ós minice ná riamh a thiocfaidh siad chucu feasta agus ós déine a bheidh (tá an chosúlacht air go dtiocfaidh laghdú 18 % ar ráta na báistí sna blianta beaga atá le teacht).

# Caibidil 2


## Gníomhaithe sna cathracha agus sna réigiúin atá ar son na forbartha inbhuanaithe

**Ba cheart tuilleadh eolais a scaipeadh go fada fairsing faoin mbeartas comhtháthaithe ós rud é go bhfuil 33 % de na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla dall ar fad ar na deiseanna cistiúcháin sa réimse sin atá ar fáil acu nó neachtar acu níl siad ag baint tairbhe astu.**

In ainneoin an dea thionchair a bhí ag an mbeartas comhtháthaithe ar gheilleagair an Aontais le 25 bliana anuas (meastar go ngintear EUR 2.8 de OTI breise in aghaidh gach euro dá gcaitear), tá ardleibhéal éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann agus, i gcásanna áirithe, tá ag méadú ar na héagothromaíochtaí sin go fiú. Milleann sin go mór faoinár sochaithe, ós rud é go mbeidh pobail na n áiteanna sin atá fágtha ar an trá fholamh níos míshásta san fhadtéarma ná riamh. Mar a thugtar le fios i suirbhé a rinne an Coiste, i dtaca le feabhas a chur ar an mbeartas comhtháthaithe sna blianta atá amach romhainn, b'é ba rogha le réigiúin agus cathracha an Aontais go ndéanfaí an beartas sin a shimpliú (41 %) agus go ndíreofaí aird an phobail air murab ionann is riamh (36 %). Deimhnítear sa Bharaiméadar Réigiúnach agus Áitiúil a laghad aird atá á tabhairt ar na ceannairí áitiúla agus a laghad baint atá acu le scéimeanna cistiúcháin an Aontais. Dar le 33 % d'ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha an Aontais, ní choimeádtar ar an eolas iad faoi na cistí atá ar fáil faoi bheartas comhtháthaithe an Aontais nó ní bhíonn aon bhaint acu leo. Tá a dheimhniú againn ó na réigiúin agus na cathracha go gcuireann an beartas comhtháthaithe le luach a limistéir féin, trí thacaíocht a chur ar fáil do chineálacha sonracha tionscadal (53 %), trí mheán an chomhair trasteorann (25 %), nó trí comhpháirtíochtaí a áirithiú i measc na ngníomhaithe ar gach leibhéal institiúideach (18 %). Trí bhíthin na Comhghuaillíochta um Chomhtháthú atá curtha ar bun aige, tá CnaR ag taispeáint an bhealaigh dúinn i dtaca le hathchóiriú ar an mbeartas comhtháthaithe a mholadh a rachaidh chun tairbhe don uile áit agus don uile dhuine san Aontas Eorpach.

Cad é an t athchóiriú is tábhachtaí ba cheart a dhéanamh ar an mbeartas comhtháthaithe feasta?


Foinse: CnaR




An cistiú de chuid an Bheartais Comhtháthaithe a thugtar do do chathair nó do réigiún, an mó de leas a dhéanann sé di nó dó seachas mar a dhéanann sruthanna cistiúcháin eile (sruthanna náisiúnta nó réigiúnacha)? Má dhéanann, cén cineál cistiúcháin atá i gceist? [Is ceadmhach breis is freagra amháin a thabhairt] (% a luadh, AE 27)

Foinse: Baraiméadar réigiúnach agus áitiúil 2023

Bonn: freagróirí atá ar an eolas faoi chistiú an Bheartais Comhtháthaithe (n=1 631)




## Tá an ionstraim NextGenerationEU 'dall' ar chríocha an Aontais i gcónaí: ní raibh aon bhaint ag 70 % de na ceannairí áitiúla lena cur chun feidhme.

D'ainneoin na tréaniarrachta a dhéanann na riaracháin phoiblí go minic chun a áirithiú go gcaitear cistí an Aontais go héifeachtach agus sna háiteanna is mó a bhíonn ina ngátar, níor tugadh an t aitheantas cuí do ról na réigiún agus na gcathracha i ndearadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, arb í cloch choirnéil an phlean téarnaimh NextGenerationEU í. Tá deimhniú ar na sonraí a bhailigh CnaR in 2021 agus 2022 le fáil sa Bharaiméadar nua Réigiúnach agus Áitiúil: dar le breis is 70 % de lucht a fhreagartha nach raibh baint acu le cur chun feidhme na Saoráide sin. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil an uirlis seo 'dall' ar chríocha an Aontais. Is é an bealach is éifeachtaí lena chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as an airgead ná ligean do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha na limistéir is oiriúnaí a mholadh le haghaidh an chistiúcháin sin. Toisc gur faoi na Ballstáit féin atá sé a chinneadh cé acu a bheidh nó nach mbeidh na húdaráis fhonáisiúnta rannpháirteach i ndearadh na gclár, is lúide an rath a bheidh orthu, seans. Bhí tionchar díreach ag cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) ar thús chlárthréimhse reatha bheartas comhtháthaithe 2021 27, rud a d'fhág go ndearnadh moill shuntasach ina leith. Ní mór do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach na bearta is gá a dhéanamh chun an réimeas láraithe atá i bhfeidhm faoi láthair a athrú go cur chuige il leibhéil i leith chur chun feidhme na Saoráide trí ardáin il leibhéil, seisiúin faisnéise agus imeachtaí a chur ar bun ar bhonn struchtúrach i gcomhar leis na cathracha agus na réigiúin.

An bhfuil tú ar an eolas faoi aon chistiú de chuid NextGenerationEU a fuair do chathair nó do réigiún le dhá bhliain anuas, agus an raibh aon bhaint agat leis? (% de réir tíre)

Foinse: Baraiméadar réigiúnach agus áitiúil 2023





**Scéal ratha |** Tá 90 % den chistiú 40 billiún a sannadh do bhardais na hIodáile curtha i leataobh acu cheana féin chun an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme.

De réir Chathaoirleach Associazione Nazionale Comuni Italiani (ANCI), Antonio DeCaro, tá bardais na hIodáile an ghníomhach i gcur chun feidhme na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Sannadh EUR 40 billiún do na bardais as EUR 191.5 billiún a bhí ar fáil san iomlán, agus tá 90 % de na cistí sin geallta acu cheana féin, mar atá dhá oiread an mheánráta gealltanais le haghaidh cistí a leithdháiltear ar eintitis eile.

## Is dúshláin mhóra an t aistriú digiteach agus an t aistriú glas i gcónaí do réigiúin agus do chathracha an Aontais, agus is gá tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chomh maith le tuilleadh ullmhúcháin de dheasca a leochailí atá siad agus na rioscaí cibirionsaithe atá rompu.

Tá ag méadú ar na costais agus ar na rioscaí lena mbaineann de thoradh an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais, rud a fhágann dúshláin eiseach le sárú ag cuid mhaith de réigiúin agus de chathracha an Aontais. Toisc a laghad saineolas agus bonneagar atá acu is mó fós a fhágtar i mbaol cibirionsaithe iad. Is iomaí dúshlán breise a leanann an baol sin ós amhlaidh is mó an seans go ndéanfar cibirionsaithe ar sheirbhísí príomha áirithe, cuir i gcás i réimsí na soghluaisteachta nó na sláinte. Is mian le 97 % de na réigiúin agus na cathracha fós féin infheistiú a dhéanamh sa bhonneagar digiteach. Ionas gur féidir dóibh an méid sin a bhaint amach, áfach, caithfear tuilleadh feasacht pholaitiúil a chothú faoin tacaíocht chistiúcháin atá ar fáil agus rochtain éasca ar na cistí sin a áirithiú.




41 most vulnerable regions to industrial green transition


Organisation for Economic Co-operation and Development, Regional Industrial Transitions to Climate Neutrality, 2023

Maidir leis an aistriú glas, léirítear i suirbhé CnaR go bhfuil gníomhaíochtaí déanta ag na réigiúin agus na cathracha ina leith, go mór mór chun an tomhaltas fuinnimh a laghdú (62 %), chun caomhnú an dúlra agus glasú na gcathracha a chur chun cinn (40 %) agus chun an dramhaíl, agus an rian a fhágann sí ar an gcomhshaol, a laghdú (37 %). Fágann an glasú leanúnach atá á dhéanamh ar earnáil tionsclaíochta na hEorpa rian nach beag i gcónaí ar na limistéir áitiúla agus réigiúnacha. Siúd is go ritheann le réigiúin áirithe an buntáiste agus na haistrithe eacnamaíocha lena mbaineann a ionramháil, tá cuid acu níos leochailí ná a chéile agus is deacair dóibh na hiarmhairtí a sheasamh, mar shampla, caillteanas post a eascraíonn as tionscail atá dian ar charbón a bheith á ndúnadh, cuir i gcás mianaigh ghuail nó scaglanna ola. Bíonn poist á gcailleadh de shíor is de ghnáth i gcuid de réigiúin na Seicia, na Gearmáine, na hUngáire agus na Polainne, i measc áiteanna eile, mar gheall ar dhúnadh na dtionscal ar mór a lorg carbóin. Dá bhrí sin, ba ríthábhachtach tacú leis na réigiúin sin trí infheistíocht agus uas sciliú a chur ar fáil dóibh ionas nach gcruthófar 'deighilt ghlas' san Eoraip.

Na bunchúiseanna atá le tionóiscí agus déine an tionchair in aghaidh na bliana

https://ciras.enisa.europa.eu/








**Scéal ratha** | Cibirionsaithe ar chathair Vilnias curtha de dhroim seoil le cabhair ó haiceálaithe eiticiúla.

Tar éis sraith cibirionsaithe díobhálacha ar bhonneagar digiteach Vilnias na Liotuáine, chuir an chathair straitéis éifeachtach i bhfeidhm chun cur in éadan na gcibirionsaithe. In 2021, ghlac an chathair Plean Forbartha Straitéisí deich mbliana agus d'fhorbair sí 'Beartas Freagrach maidir le Leochaileacht a Bhrath', sin le rá sraith rialacha atá dírithe ar haiceálaithe eiticiúla a spreagadh chun faisnéis faoi leochaileachtaí slándála a shainaithint agus a chur faoi bhráid an údaráis fhreagraigh gan baol ionchúisimh a bheith ann.

## Clár oibre tuaithe: meastar go mbeidh 30 milliún duine tar éis ceantair thuaithe na hEorpa a thréigean faoi dheireadh na tréimhse 1993 2033.

An méid a chuireann na ceantair thuaithe le spriocanna uaillmhianacha ríthábhachtacha an Aontais, is amhlaidh atá sé á chur ó rath orthu ar dhá chúis phríomha: an t athrú aeráide agus bánú na tuaithe. Meastar go mbeidh 30 milliún duine tar éis ceantair thuaithe na hEorpa a thréigean faoi dheireadh na tréimhse 1993 2033. Is ionann sin agus daonra na Rómáine, na Bulgáire agus na Liotuáine ar iad a thógáil le chéile. Anuas air sin, idir 2015 agus 2021, tháinig méadú 5 % ar sciar na ndaoine atá 65+ bliana d'aois sna ceantair thuaithe, sin dhá oiread an ráta is eol dúinn a bheith sna ceantair uirbeacha. Fáinne fí an toradh a bhíonn ar bhánú na tuaithe agus ar dhaonra na tuaithe a bheith ag dul in aois óir is lú infheistíocht a dhéantar sna seirbhísí poiblí (e.g. cúram leanaí, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, oideachas, iompar poiblí) agus toradh eile air sin is ea marbhántacht nó meath a theacht ar an ngeilleagar áitiúil. Más ábhar imní na cora seo, is bagairt ar chóras daonlathais na hEorpa iad freisin, toisc go mbraitheann na daoine sin nach dtréigeann na ceantair thuaithe go bhfuil neamhthoradh ceart á thabhairt ag na hinstitiúidí áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha orthu.




Administrative boundaries: © EuroGeographics © UN-FAO © Turkstat
Cartography: Eurostat — GISCO, 10/2023

Athrú foriomlán réamh mheasta ar an daonra de réir tíopeolaíocht uirbeach tuaithe, 1 Eanáir 2021 go 1 Eanáir 2050 (%)

Foinse: Eurostat

### Scéal ratha | Sráidbhailte Fuinnimh Cochem-Zell sa Ghearmáin.

Tá Stát Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta ag tacú leis an tionscadal Cochem-Zeller Energiedorf (Sráidbhaile Fuinnimh). Sampla den scoth is ea an tionscadal seo d'athrú a bhrúigh an tsochaí shibhialta féin chun cinn. Is éard is aidhm don tionscadal líonraí inbhuanaithe soláthair téimh a fhorbairt i sráidbhailte áirithe. An teas a ghintear, is ó adhmad a fhaightear sna foraoisí áitiúla (sliseanna adhmaid ó adhmad foraoise iarmharach) agus ó ghrianfhuinneamh teirmeach a thagann sé. Cuireann sin le breisluach an réigiúin. Ag an am céanna, cuirtear nasc díreach snáithíní optúla ar fáil do na cónaitheoirí.

# Caibidil 3


## Todhchaí an daonlathais agus méadú an Aontais

### Is mó an mhuinín a chuirtear sna rialtais áitiúla agus réigiúnacha thar mar a chuirtear sna rialtais náisiúnta ná in institiúidí an Aontais.

Is minic gur ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach is mó a bhraitear go bhfuil méadú ag teacht ar mhíshástacht na saoránach i leith an chórais daonlathais ina dtíortha féin. Ós é sin an leibhéal rialtais is neasa do na saoránaigh, is minic gurb iad na hionadaithe áitiúla agus réigiúnacha na chéad ionadaithe a bhraitheann fala an phobail leo de thoradh an neamhionannais mhéadaithigh agus bagairtí nach iad ar an daonlathas. Dá chomhartha sin, uaireanta déantar ionsaí foréigneach go fiú ar pholaiteoirí áitiúla agus réigiúnacha. Cé go bhfágtar sa bhearna bhaoil iad nuair a bhíonn gcuid míshástachta á léiriú ag na saoránaigh i gcoitinne ina leith, is annamh gurb iad na hionadaithe áitiúla agus réigiúnacha féin is siocair leis an míshástacht sin. Tá méadú leanúnach ag teacht ar mhuinín an phobail as an gcóras rialtais áitiúil agus réigiúnaigh agus is mó sin ná an mhuinín a chuirtear sna rialtais náisiúnta ná in institiúidí an Aontais. Cuir i gcás, ó 2018 i leith, tá sé léirithe go seasta ag na pobalbhreitheanna a rinneadh gurb iad na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla an t aon chineál rialtais a bhfuil muinín ag breis is 50 % de fhreagróirí an Aontais as. Ós amhlaidh atá ag méadú ar éagsúlacht na bpróiseas daonlathach ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, ba chuidiú é sin le dlisteanacht na n ionadaithe áitiúla a neartú, agus meastar go coitianta, is léir, gurb iad na réigiúin agus na cathracha is dóchúla a rachaidh i mbun comhphlé polaitiúil leis na saoránaigh ar bhonn rialta.

An mhuinín a chuirtear sna leibhéil éagsúla rialtais

Foinse: mionsaothrú CnaR bunaithe ar na hlarscríbhinní maidir le Sonraí an Eorabharaiméadair Chaighdeánaigh





**Scéal ratha |** Díospóireacht faoin rud is daonlathas ann a chothú leis na hionadaithe áitiúla agus réigiúnacha.

Faoi scáth Líonra Eorpach na gComhairleoirí Áitiúla agus Réigiúnacha in CnaR, táthar tar éis corradh le 2 500 ionadaí tofa i gcomhthionóil réigiúnacha nó bhardasacha i dtíortha uile an Aontais a thabhairt le chéile, de bhreis ar chomhaltaí an Choiste féin. Treisiú ar bhunchloch dhaonlathach an Aontais atá ann ós amhlaidh a thugann sé an Eoraip i ngaire do na pobail áitiúla agus ós amhlaidh a fheidhmíonn sé mar a bheadh ardán ann chun gur féidir le comhaltaí an Ardáin bualadh le comhairleoirí eile agus le comhaltaí eile den Choiste, nithe a phlé le chéile agus líonrú a dhéanamh.


## Ní mór guth réigiúin agus chathracha na hEorpa a chur san áireamh murab ionann is riamh agus beartais an Aontais á gceapadh, i dtreo go dtabharfar éisteacht cheart dóibh.

Is minic a bhíonn baint ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le beartais agus cláir an Aontais a chur i gcrích atá dírithe ar leas na saoránach a dhéanamh ina saol laethúil. Ina ainneoin sin is uile, ní chuirtear guth na réigiún agus na gcathracha ina bhfuil cónaí ar na daoine sin san áireamh i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais minic go leor fós. Tá na hionadaithe tofa áitiúla agus réigiúnacha uile nach mór ar aon intinn ina thaobh gur gá an méid sin a athrú: aontaíonn 91 % de na freagróirí ar Bharaiméadar Réigiúnach agus Áitiúil an Choiste gur cheart do na réigiúin agus na cathracha a bheith in ann a gcomaoin féin a chur, murab ionann is riamh, ar cheapadh beartais an Aontais agus ar an díospóireacht ar thodhchaí an Aontais Eorpaigh. Nuair a cuireadh ceist ar na freagróirí cé na réimsí agus cé na comaoineacha iad sin, chomh minic lena athrach is éard a luadh na freagróirí 'geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist', 'oideachas, cultúr, an óige agus spórt' agus 'géarchéim na haeráide agus an comhshaol'.




Ar an mórgóir, an aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis gur cheart do na réigiúin agus na cathracha a bheith in ann a gcomaoin féin a chur, murab ionann is riamh, ar cheapadh beartais an Aontais agus ar an díospóireacht ar thodhchaí an Aontais Eorpaigh?

Foinse: Baraiméadar réigiúnach agus áitiúil 2023




Cé acu de na réimsí seo a leanas ar cheart do na réigiúin agus na cathracha a bheith in ann a gcomaoin féin a chur orthu, murab ionann is riamh, i dtaca le ceapadh beartas an Aontais, dar leat? [Is ceadmhach breis is freagra amháin a thabhairt] (% a luadh, AE 27)

Foinse: Baraiméadar réigiúnach agus áitiúil 2023

Léigh an Tuarascáil ina hiomláine

CdR_4892/10-2023

Coiste Eorpach na Réigiún

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

Ar líne
QG-04-23-764-GA-N
ISBN 978-92-895-2845-0
DOI 10.2863/540069

I gcló
QG-04-23-764-GA-C
ISBN 978-92-895-2843-6
DOI 10.2863/324188

*© an tAontas Eorpach, 2023*

*Mura luafar a mhalairt, ní údaraítear athúsáid an doiciméid seo faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Fágann sé sin go gceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go sonraítear aon athrú.*

*Maidir le cead úsáide agus atáirgthe eilimintí nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór an cead seo a iarraidh go díreach ar úinéir an chóipchirt. Dá réir sin, ní mór duit cearta breise a imréiteach má tá saothar tríú páirtí san áireamh in ábhar ar leith. I gcás ina bhfaighfear cead, cuirfear an cead ginearálta thuasluaite ar ceal, tiocfaidh an cead a fuarthas ina ionad sin agus léireofar aon srian ar úsáid go soiléir ann.*

*Teideal creidiúna na ngrianghraf ar an gclúdach tosaigh © Xavier Lorenzo / stokkete / JackF / creativenature.nl / TTstudio / Tymoshchuk / michaeljung / Eugenio Marongiu / Patryk Kosmider / Nicolas Dieppedalle / Vladimir Arndt / JackF / C.Castilla / aapsky - stock.adobe.com*

Cruthaíodh Coiste Eorpach na Réigiún in 1994 agus is é tionól polaitiúil an Aontais Eorpaigh ina bhfuil 329 n-ionadaí réigiúnacha agus áitiúla amhail uachtaráin réigiúnacha nó méaraí cathrach ó gach ceann de na 27 mBallstát, a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná 446 mhilliún Eorpach.

Arna chur in eagar ag Coiste Eorpach na Réigiún

An Bhruiséil, Deireadh Fómhair 2023

Rue Belliard/Belliardstraat 101 | 1040 Bruxelles/Brussel | BELGIQUE/BELGIË
Tel. +32 22822211 | e-mail: visuals@cor.europa.eu | www.cor.europa.eu
@EU_CoR | /european.committee.of.the.regions
/european-committee-of-the-regions | @EU_regions_cities